# Gníomhaíocht 1: Sráid Henrietta san Am atá Thart agus sa Lá Inniu

14 Sráid Henrietta Henrietta Street

Ó theach cathrach Seoirseach go tionóntán

Tá athrú tagtha ar Shráid Henrietta le himeacht ama. Le linn na gníomhaíochta seo, cuirfidh do rang íomhánna éagsúla de Shráid Henrietta ar amlíne agus pléifidh siad na cosúlachtaí agus difríochtaí idir an t-am atá thart agus an t-am i láthair. Cuirfidh siad stair na sráide i gcomhthéacs níos leithne na staire, agus a saolta féin, agus samhlóidh siad an chuma a bheidh ar an tsráid amach anseo.




## Tasc 1: Baile Átha Cliath i gCaitheamh an Ama

*(Rang 1 - 2, agus mar thúsphointe do rang 3 - 6)*

Breathnaígí ar na pictiúir seo a leanas de Bhaile Átha Cliath ag amanna éagsúla. Pictiúir de Shráid Henrietta atá i bpéire acu, agus de lár na cathrach an ceann eile:

- Cuirigí in ord iad, ón gceann is sine go dtí an ceann is nua.
  Cén fáth ar chuir sibh san ord sin iad?
  Cén leideanna a chonaic sibh a chuidigh libh cinneadh a dhéanamh?
- Cuirigí na pictiúir i gcomparáid lena chéile - céard iad na difríochtaí?
  Céard iad na cosúlachtaí? Breathnaígí ar na daoine sna pictiúir - cén chaoi a bhfuil siad sin éagsúil lena chéile?







# Tasc 1: Baile Átha Cliath i gCaitheamh an Ama

*(Rang 1 - 2, agus mar thúsphointe do rang 3 - 6)*



## Tasc 2: Líne Ama a Chruthú

- Cruthaígí líne ama de Shráid Henrietta. Cá gcuirfeadh sibh na pictiúirí éagsúla ó Thasc 1?
- Cuirigí dátaí tábhachtacha eile le bhur líne ama, imeachtaí a tharla in Éirinn agus ar fud an domhain.
- Cuirigí leis dátaí ó bhur saolta féin, mar shampla an dáta ar rugadh sibh.



## Tasc 3: Sráid Henrietta Amach Anseo

Tarraingígí nó péinteálaigí an ceathrú pictiúr leis an gcaoi a samhlaíonn sibh an tsráid amach anseo. Cuirigí ar bhur líne ama é le dáta.

## Tasc 4: Cuardach Focal

*(Rang 1 - 2, agus mar thúsphointe do rang 3 - 6)*

An bhfuil sibh in ann teacht ar na focail atá i gcló trom thíos sa chuardach focal?

1. **Seoirseach** - an t-ainm a dtugtar ar an tréimhse ama sna 1700idí nuair a tógadh 14 Sráid Henrietta.
2. **Tionóntán** - an t-ainm a thugtar ar an gcineál foirgnimh a bheadh roinnte ina chodanna agus go leor teaghlach ag cónaí ann sna 1800idí.
3. **Cadal** - béile cáiliúil ó Bhaile Átha Cliath, déanta le hispíní, bagún agus cabáiste, a bhí an choitianta in aimsir na dtionóntán.
4. **Henrietta** - ainm na sráide a tógadh sna 1700idí.
5. **Piggy Beds** - cluiche coitianta sráide ó aimsir na dtionóntán.
6. **Leithreas** - nuair ba thionóntán é 14 Sráid Henrietta, ní raibh ach leithreas amháin nó péire ann agus roinneadh gach duine san fhoirgneamh é. Nuair a bhíodh orthu an leithreas a úsáid san oíche d'úsáididís 'po' nó pota seomra a choinnítí faoin leaba.
7. **Molesworth** - ainm an chéid teaghlaidh a raibh cónaí orthu i 14 Sráid Henrietta.
8. **Hooley** - a thugtaí ar chóisir sna tionóntáin.
9. **Colúr** - chuireadh pásití na dtionóntán colúir ag rásaíocht go minic ar mhaithe le spraoi.
10. **Peil** - thaitníodh sé thar cionn le páistí na dtionóntán a bheith ag imirt peile. Amanna dhéantaí an pheil féin le giobail éadaigh.

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| S | E | Á | G | Ó | T | C | D | G | N | T | S | T | P |
| A | M | O | L | E | S | W | O | R | T | H | Ú | N | A |
| E | C | É | I | H | T | U | O | M | D | H | U | S | L |
| R | Í | G | R | M | D | Á | S | R | T | S | A | E | G |
| H | L | C | A | D | A | L | P | N | A | D | L | O | U |
| T | S | F | P | O | N | F | U | T | C | T | Ú | I | S |
| I | N | C | S | R | É | S | T | H | F | I | T | R | D |
| E | I | O | B | T | L | E | G | Í | Á | O | T | S | E |
| L | D | L | E | Á | I | P | F | R | E | N | O | E | B |
| B | Ó | Ú | G | R | H | Ó | E | B | P | Ó | É | A | Y |
| O | E | R | N | M | Ú | Í | T | I | Ó | N | L | C | G |
| A | M | E | P | D | F | T | L | M | L | T | É | H | G |
| P | H | A | H | O | O | L | E | Y | L | Á | H | N | I |
| L | Í | R | N | B | R | T | H | F | C | N | M | S | P |